# Scéim Faoisimh Tuilte Bhealach Féich-Shrath an Urláir



Nuachtlitir
Iúil 2026

SAN EAGRÁN SEO

Samhaltú Hiodrálach Leathanach 2
Suirbhéireachtaí Leathanach 2
Measúnachtaí Timpeallachta Leathanach 3
Roghnúchán Leathanach 3

## An Scéal Is Déanaí

Seo an séú nuachtlitir déag ag Scéim Faoisimh Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir. Ar na nithe is mó a rinneadh ó bhí an nuachtlitir dheireanach ann tá nuashonrú ar an tsamhail hiodrálach agus dul chun cinn an phróisis roghnúcháin.

# Hiodrálach

Rinneadh nuashonrú ar an tsamhail bhonnlíne hiodrálach agus tá sí á húsáid le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na roghanna faoisimh tuilte agus ar an damáiste eacnamaíoch a d'fhéadfadh eascairt as tuilte a dhéanann dochar do mhaoin.

Críochnaíodh an **Tuarascáil Hiodrálaice** i ndiaidh don tsamhail a bheith curtha i gcrích, í a chalabrú, agus na rití insamhalta do sháruithe cosanta agus do bhacainní a bheith curtha i gcrích.

Bainfidh an fhoireann tionscadail úsáid as an tsamhail le measúnú a dhéanamh ar bhearta oiriúnaithe don athrú aeráide amach anseo.

# Suirbhéireachtaí agus Imscrúduithe

Cuireadh suirbhé topagrafach breise i gcrích le leibhéil thairseacha maoine a thaifeadadh.

Ceapadh **Northwest Geotech**, sainchonraitheoir imscrúdaithe talaimh, le himscrúduithe talaimh a dhéanamh mar chuid den scéim faoisimh tuilte.

Tá úinéirí talaimh príobháideacha á gcur ar an eolas faoi na hoibreacha roimh ré sula gcuirfear tús leis na himscrúduithe talaimh ar an láthair. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha ar an láthair i lár mhí Iúil 2026, nuair a bheidh na ceadúnais seandálaíochta agus na Ceadúnais Oscailte Bóthair i bhfeidhm.



Socrú Croíleacáin Rothlaigh do Ghnáthimscrúdú Talaimh

# Gníomhaíochtaí Timpeallachta

Tá sé beartaithe suirbhéireachtaí timpeallachta a dhéanamh sna míonna amach romhainn, lena n-áirítear suirbhéireachta ar éin phóraithe, gnáthóga dobharchúnna agus iascaigh. Nuair a dheimhneofar an rogha is fearr, rachaidh suirbhéanna comhshaoil speisialaithe breise ar aghaidh, lena n-áirítear suirbhéireachtaí ar an oidhreacht chultúrtha, torann agus creathadh, cáilíocht an aeir, agus an tírdhreach agus gnéithe amhairc. Ullmhófar na tuairiscí timpeallachta riachtanacha le tacú leis an iarratas pleanála.

Leanfar le cóireáil ar speiceas coimhthíoch ionrach, lena n-áirítear bhalsam Himiléach agus an glúineach bhiorach , le linn shamhradh 2026, agus cuirfear tús leis an obair i mí Iúil.

# Roghnúchán

Tá dul chun cinn déanta leis mheasúnú mionsonraithe ar na roghanna, agus tá obair ar bun leis na measúnuithe ar indéantacht tógála agus ar oibriú agus cothabháil a chur i gcrích, chomh maith leis an mheasúnú dochair agus leis na meastacháin chostais a ullmhú don anailís costais is tairbhe

Tá an **Tuairisc ar Roghanna** á nuashonrú.

Ullmhóidh Ayesa na roghanna lena gcur i láthair don phobal agus do pháirtithe leasmhara le haghaidh comhairliúcháin, rud a chuideoidh leis an rogha scéime is fearr a thiocfaidh chun cinn do Bhealach Féich- Srath an Urláir a shainaithint. Fógrófar sonraí faoi na comhairliúcháin phoiblí atá le teacht sa nuachtlitir agus ar shuíomh gréasáin na scéime roimh ré.



Suíomh Suirbhéireachta Éisc agus Dobharchúnna Daurnett, 2022



Suíomh Suirbhéireachta Éisc agus Dobharchúnna Abhainn na Finne, 2022

# Na Chéad Chéimeanna Eile

- Sna míonna atá romhainn, beidh an Fhoireann Tionscadail ag obair ar:
- **Tús a chur le hImscrúdú Talaimh ar an láthair**
- **Suirbhéireachtaí éiceolaíochta breise**
- **An Tuairisc ar Roghanna a chur i gcrích**

# Déan Teagmháil Linn

**Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an Fhoireann Tionscadail s'againn i dtaca le ceist ar bith a bhaineann le Scéim Cosanta Tuilte Bhealach Féich Srath an Urláir, is féidir sin a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:**

## Ríomhphost

Ballybofey-StranorlarFRS@Ayesa.com

## Gnáthphost

Bainisteoir Tionscadail Scéim Faoisimh Tuilte Bhealach Féich-Srath an Urláir

Foirgneamh Ayesa 2100 Páirc Ghnó Aerfort Chorcaí Bóthar Chionn tSáile

Corcaigh

## Fón

+353 (0) 21 240 7988

**Más mian leat eolas ar bith eile a fháil i dtaca leis an Scéim, lena n-áirítear an clár, tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin:**

www.floodinfo.ie/frs/en/ballybofey-stranorlar/home/